Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

6212/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0017(NLE)**

TRANS 50
RELEX 165

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5809/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus le leanúint leis an gComhaontú<br>– Glacadh |

## COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. An 17 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin i ndáil le hiompar lasta de bhóthar (‘an Comhaontú’). Ghlac an Chomhairle an Cinneadh uaithi maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe an 27 Meitheamh. Síníodh an comhaontú an 29 Meitheamh agus tá feidhm shealadach aige ón lá sin. Foilsíodh an Comhaontú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 6 Iúil[1]. Tugadh an comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle[2] an 13 Nollaig 2022.

[1] *IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.*
[2] *IO L 319, 13.12.2022, lch. 5.*

2. An 2 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus le leanúint leis an gComhaontú.

**SCRÚDÚ AR LEIBHÉAL NA MEITHLE**

3. An 8 Feabhra, phléigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra agus chinn sí gur féidir an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh. Comhaontaíodh gur cheart don Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh ar dtús maidir leis na rialacha nós imeachta a ghlacadh agus cinneadh a dhéanamh ansin maidir le leanúint den Chomhaontú. Chuige sin, comhaontaíodh go leasófaí an togra ón gCoimisiún agus go ndéanfadh an Comhchoiste dhá chinneadh ar leith, ceann amháin maidir leis na rialacha nós imeachta a ghlacadh agus ceann eile maidir le leanúint den Chomhaontú.

4. Maidir le leanúint den Chomhaontú, chuir na toscaireachtaí in iúl nach mór a bheith cúramach maidir le leanúint de go rófhada. Cinneadh go bhféadfaí leanúint den Chomhaontú go dtí **an 30 Meitheamh 2024**. Más gá leanúint de a thuilleadh, is féidir é sin a dhéanamh tar éis measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe agus ar an ngá le leanúint de tar éis an dáta sin.

**CONCLÚID**

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid ‘A’ de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle in JL 6209/23 agus an dá aguisín in 6209/23 ADD 1 (an chéad chinneadh ón gComhchoiste chun na rialacha nós imeachta a bhunú) agus 6209/23 ADD 2 (an dara cinneadh ón gComhchoiste chun teacht ar chomhaontú maidir le leanúint den Chomhaontú) a ghlacadh.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle i ngach teanga, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tarchuirfear an Cinneadh ón gComhairle chuig an bParlaimint.